Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Aibreán 2023**
**(OR. en)**

**8654/23**

**SOC 265**
**EMPL 184**
**ECOFIN 368**
**EDUC 139**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6681/23 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe agus Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2023 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe agus Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2023, a d'fhormheas an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 13 Márta 2023.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle**

**maidir le Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe agus Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2023**

1. Á ADMHÁIL DI, in ainneoin feidhmíocht láidir in 2021 agus sa chéad trí ráithe de 2022, go bhfuil éiginnteacht i margaí saothair an Aontais a bhaineann le tionchar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus leis an mbrú láidir boilscithe a d'eascair as i margaí fuinnimh agus ar bhonn níos forleithne.

2. Á AITHINT DI an tionchar diúltach a bhíonn ag boilsciú ard ar chumhacht cheannaigh teaghlach agus ar ghníomhaíocht eacnamaíoch. Á CHUR I dTÁBHACHT DI go bhfuil baol ann go rachaidh dálaí mhargadh an tsaothair in olcas, go háirithe i dtionscail dianfhuinnimh, i ngeall ar an méadú ar chostais táirgthe agus na scrogaill soláthair a bhaineann leis an timpeallacht gheopholaitiúil.

3. Á CHUR I dTREIS DI go n-éilíonn an ghéarchéim leanúnach comhordú éifeachtach beartas eacnamaíoch, fostaíochta agus sóisialta lena gcothaítear fás cuimsitheach inbhuanaithe agus lena gcosnaítear daoine atá i gcásanna leochaileacha.

4. Á MHEABHRÚ DI, i ndáil leis sin, tionchar dearfach na ngníomhaíochtaí comhordaithe ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun tionchar phaindéim COVID-19 a mhaolú agus chun tacú le geilleagar an Aontais filleadh ar na leibhéil aschuir a bhí ann roimh an bpaindéim i bhfómhar 2021. Á ADMHÁIL AICI sa chomhthéacs sin an rannchuidiú dearfach a dhéanann scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta den chineál céanna, chomh maith le córais cosanta sóisialta agus beartais maidir leis an gcuimsiú sóisialta, chun poist a chaomhnú, tacú le hioncaim teaghlaigh agus seirbhísí sóisialta a chur ar fáil le linn na géarchéime, agus Á AITHINT DI ag an am céanna an gá atá le tuilleadh gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí agus na dúshláin atá ann cheana.

5. Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI a thábhachtaí atá sé beartais a shaothrú i gcomhréir leis na Treoirlínte Fostaíochta agus le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus aird chuí á tabhairt ar na hinniúlachtaí faoi seach agus ar phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, i bhfianaise na ndúshlán atá ann faoi láthair agus atá le teacht, lena n-áirítear an gá atá le margadh an tsaothair agus lánpháirtiú sóisialta daoine easáitithe ón Úcráin a chothú i gcomhréir leis an Treoir um Chosaint Shealadach.

6. Á CHUR CHUN SUNTAIS DI an gá atá le leanúint de ghníomhaíochtaí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais chun soláthar leordhóthanach inacmhainne fuinnimh a áirithiú agus chun maolú a dhéanamh ar thionchar na bpraghsanna fuinnimh atá ag dul i méid, go háirithe ar theaghlaigh agus ar chuideachtaí leochaileacha, agus coigilteas fuinnimh á dhreasú agus inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí á caomhnú ag an am céanna.

7. Á CHUR I dTREIS DI a thábhachtaí atá sé an daonra in aois oibre a chumhachtú leis na scileanna ábhartha chun bheith rathúil i margadh an tsaothair agus tacú go háirithe leis an táirgiúlacht, leis an nuálaíocht, agus le haistrithe córa glasa agus digiteacha, agus an méid sin á dhéanamh i bhfianaise na nganntanas práinneach lucht saothair agus scileanna atá níos airde ná na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim i roinnt tíortha den Aontas.

8. Á CHUR CHUN SUNTAIS DI go bhfuil sé ríthábhachtach infheistíocht a dhéanamh i mbeartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair agus i seirbhísí poiblí fostaíochta, trí bhíthin bonneagair agus seirbhísí digiteacha inrochtana freisin, chun cruthú post ardcháilíochta, aistrithe ó phost go post agus, ar an gcaoi sin, athrú struchtúrach a chur chun cinn, lena n-áirítear i dtreo an gheilleagair dhigitigh agus ghlais;

9. Á CHUR I dTREIS DI, i bhfianaise chomhthéacs reatha an bhoilscithe aird, gurb é is ceart a bheith d’aidhm ag sásraí socraithe pá caillteanais i gcumhacht cheannaigh a mhaolú, go háirithe i gcás saothraithe ar phá íseal, agus leanúint de dhálaí socheacnamaíocha a léiriú agus d’fhostaíocht, de chomhtháthú sóisialta agus d’iomaíochas a chaomhnú ag an am céanna.

10. Á MHEABHRÚ DI gur gá leanúint d’fheabhas a chur ar athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch an Aontais sa mheántéarma freisin, i bhfianaise na n-athruithe déimeagrafacha agus a phráinní atá sé aistrithe córa glasa agus digiteacha a áirithiú gan aon duine a fhágáil ar lár. Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI gur gá i gcónaí córais cosanta sóisialta agus beartais maidir leis an gcuimsiú sóisialta a nuachóiriú, agus cumhdach, leordhóthanacht agus trédhearcacht fhoirmiúil éifeachtach na cosanta sóisialta a áirithiú do chách.

11. ÓS DÍOL SÁSAIMH DI an léiriú leanúnach sa Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe ar na ceithre ghné d'inbhuanaitheacht iomaíoch an Aontais (inbhuanaitheacht comhshaoil, táirgiúlacht, cothroime, agus cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch). Á CHUR I dTREIS DI a ábhartha atá siad maidir le tosaíochtaí beartais na mBallstát agus an Aontais a threorú chun aghaidh a thabhairt ar thionchar na géarchéime fuinnimh sa ghearrthéarma agus ar na dúshláin mheántéarmacha agus fhadtéarmacha, aosú agus an dá aistriú, cuir i gcás.

12. ÓS DÍOL SÁSAIMH DI gurb é an Seimeastar Eorpach creat an Aontais i gcónaí chun beartais eacnamaíocha, fhioscacha, fostaíochta agus shóisialta a chomhordú, tacú le dúshláin agus tosaíochtaí ábhartha beartais a shainaithint, treoir a chur ar fáil, faireachas agus faireachán beartais a áirithiú agus, ar deireadh, gné shóisialta an Aontais a threisiú. Á THABHAIRT DÁ hAIRE na treoirlínte ón gCoimisiún maidir le creat rialachais eacnamaíoch athchóirithe an Aontais.

13. ÓS DÍOL SÁSAIMH DI an togra ón gCoimisiún le haghaidh Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, lena ndírítear go láidir ar chur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus lena gcomhtháthaítear príomhspriocanna an Aontais do 2030 agus, den chéad uair, spriocanna náisiúnta do 2030 i réimsí na fostaíochta, na scileanna agus laghdú na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta. ÓS DÍOL SÁSAIMH DI ardleibhéal foriomlán uaillmhéine na mBallstát agus a spriocanna náisiúnta á leagan síos acu do na 10 mbliana seo. ÓS DÍOL SÁSAIMH DI go n-áirithíonn an anailís atá bunaithe ar phríomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta forléargas cuimsitheach ar staid agus ar dhúshláin fostaíochta agus shóisialta na mBallstát.

14. Á CHUR I DTREIS DI, ach aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a shainaithnítear sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, go rannchuideofar le cóineasú sóisialta aníos a chothú, i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, príomhspriocanna an Aontais agus na spriocanna náisiúnta do 2030 maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, agus iarrachtaí an Aontais i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2030 a neartú.

15. Á THABHAIRT DÁ hAIRE an treoir bheartais atá sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht chun aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin i gcomhréir leis na Treoirlínte Fostaíochta.

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

16. IARRANN SÍ AR na Ballstáit na tosaíochtaí ón Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe agus na torthaí ón Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht a léiriú ina gCláir Náisiúnta um Athchóiriú agus dlús a chur le cur chun feidhme phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta chun príomhspriocanna an Aontais agus na spriocanna náisiúnta do 2030 a bhaint amach.

17. IARRANN SÍ, go háirithe, ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar thionchar na bpraghsanna arda fuinnimh, trí bhearta tacaíochta sealadacha spriocdhírithe, de réir mar is iomchuí, lena ndírítear ar theaghlaigh agus ar chuideachtaí leochaileacha agus, ag an am céanna, dreasachtaí a choinneáil chun tomhaltas fuinnimh a laghdú, aistriú chuig réitigh atá aeráidneodrach a spreagadh agus éifeachtúlacht fuinnimh a chothú.

18. IARRANN SÍ ar na Ballstáit tuilleadh machnaimh agus faireachán agus anailís níos fearr a dhéanamh ar infhaighteacht tithíochta inacmhainne, óir d'fhéadfaí cur isteach ar ghrúpaí eile seachas na daoine is leochailí amháin dá huireasa.

19. IARRANN SÍ ar na Ballstáit tacú le forbairtí pá lena maolaítear caillteanas i gcumhacht cheannaigh na saothraithe pá, go háirithe i gcás oibrithe ar ioncam íseal, agus lena gcoisctear an méadú ar rioscaí bochtaineachta agus, ag an am céanna, forbairtí táirgiúlachta meántéarmacha á léiriú agus teorainn á cur leis an mbaol ó éifeachtaí indíreacha an bhoilscithe, i gcomhréir le cleachtais náisiúnta agus urraim á tabhairt do ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta.

20. IARRANN SÍ ar na Ballstáit leanúint d'athchóirithe struchtúracha agus beartais ghníomhacha éifeachtacha maidir leis an margadh saothair agus leis an oiliúint a shaothrú, chomh maith le leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht na gcóras cosanta sóisialta do chách a chaomhnú agus a fheabhsú, chun borradh a chur faoin athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta, agus i bhfianaise an laghdaithe ar an daonra in aois oibre a bhaineann leis an athrú déimeagrafach, chun ganntanais scileanna agus ganntanais lucht saothair a laghdú agus chun aistrithe córa glasa agus digiteacha a áirithiú. IARRANN SÍ go mbainfí úsáid níos mó as measúnuithe tionchair dáileacháin chun éifeachtaí sóisialta díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ann a chosc.

21. IARRANN SÍ ar na Ballstáit comhionannas inscne a áirithiú, rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair a neartú agus dul i ngleic leis na bearnaí pá agus pinsin idir na hinscní. IARRANN SÍ ar na Ballstáit infheistíocht a dhéanamh i gcúram fadtéarmach atá ar ardcháilíocht, inacmhainne agus inrochtana, chomh maith le hoideachas agus seirbhísí cúraim luath-óige, agus fostaíocht ardcháilíochta, dálaí oibre cothroma agus cothromaíocht oibre is saoil do chúramóirí a chur chun cinn.

22. IARRANN SÍ ar na Ballstáit leas iomlán a bhaint as an gcistiú atá ar fáil le haghaidh an bheartais comhtháthaithe agus leanúint de chur chun feidhme na bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta, lena n-áirítear trí phlean REPowerEU le haghaidh infheistíochtaí breise chun deireadh a chur le spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise na Rúise agus dlús a chur le haistriú glas cóir a chur san áireamh.

23. IARRANN SÍ AR na Ballstáit na comhpháirtithe sóisialta, an tsochaí shibhialta agus na geallsealbhóirí ábhartha eile a rannpháirtiú ar bhonn córasach ar bhealach tráthúil fóinteach ag gach céim de thimthriall an tSeimeastair Eorpaigh agus an cheaptha beartas, mar go bhfuil sé sin ríthábhachtach chun go n-éireoidh le comhordú agus cur chun feidhme an bheartais eacnamaíoch, fostaíochta agus shóisialta.

24. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leas a bhaint as an Tuarascáil Chomhpháirteach Fostaíochta agus as fianaise ón Scórchlár Sóisialta, le hais anailísí tírshonracha agus uirlisí faireacháin eile atá ann cheana, agus i gcomhar leis na Ballstáit trí idirphlé agus gníomhaíochtaí iltaobhacha faireachais, chun príomhdhúshláin fostaíochta agus shóisialta a shainaithint san Aontas agus sna Ballstáit lena mbreithniú i dTuarascálacha Tíre agus Moltaí Tírshonracha.

25. MOLANN SÍ don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar na gnéithe fostaíochta, scileanna agus sóisialta den aistriú glas agus den aistriú digiteach, go háirithe faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh, agus tugann sí dá haire freisin an nuashonrú a mheastar a dhéanfar ar na Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide.

26. MOLANN SÍ don Choiste Fostaíochta agus don Choiste um Chosaint Shóisialta leanúint dá gcuid oibre maidir leis an bhfaireachas iltaobhach ar mholtaí tírshonracha agus ar dhúshláin fostaíochta agus shóisialta, lena n-áirítear trí athbhreithnithe téamacha, plé cothrománach, agus foghlaim fhrithpháirteach, agus i gcomhar, i gcás inarb ábhartha, le comhlachtaí ullmhúcháin na bhfoirmíochtaí eile den Chomhairle.

27. IARRANN SÍ ar an gCoiste Fostaíochta agus ar an gCoiste um Chosaint Shóisialta leanúint dá gcuid oibre maidir le mionchoigeartú na n-uirlisí faireacháin atá ann cheana, lena n-áirítear d'fhonn faireachán leordhóthanach a dhéanamh ar phríomhspriocanna an Aontais agus ar na spriocanna náisiúnta do 2030, agus maidir le creataí tagarmharcála a fhorbairt a thuilleadh.

28. IARRANN SÍ ar an gCoiste Fostaíochta agus ar an gCoiste um Chosaint Shóisialta féachaint a thuilleadh ar an togra a rinne an Bheilg agus an Spáinn maidir le Nós Imeachta um Éagothroime Shóisialta a d'fhéadfaí a thabhairt isteach faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh, bunaithe ar ionstraimí atá ann cheana.